

17 Márta
Naomh Pádraig, easpag
Príomhéarlamb na hÉireann
Sollúin

An Iontróid

Imigh ó do thír féin agus ó do mhuintir féin agus ó theach d'athar chun na tíre a thaispeánfaidh mé duit. Déanfaidh mé cine mór díot agus beannóidh mé thú agus mórfaidh mé d'ainm chomh mór sin go mbeidh sé mar bheannacht ag daoine.

Le Glóir

Glóir do Dhia sna harda,
agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.

Molaimid thú;
móraimid thú;
adhraimid thú;
tugaimid glóir duit;
gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;
a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas;
a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.

A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost.
A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,
tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn;
tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí.

Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.
Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna;
is tú amháin is Ró-Ard,
a Íosa Críost,
mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair.
Amen.

An Chomhurnaí

A Thiarna,
de bharr shaothar Naomh Pádraig in Éirinn
tá sé tar éis teacht linn rúndiamhair an aon fhíor-Dhia
amháin a admháil
agus buíochas a ghabháil as ár slánú i gCríost;
de bharr a idirghuí deonaigh go gcoinneoidhne,
a cheiliúrann an fhéile seo,
tine an chreidimh, a d'adhain sé, beo i gcónaí inár measc.
Trínár dTiarna Íosa Críost do Mhac,
a mhaireann agus a rialaíonn leatsa,
mar aon leis an Spiorad Naomh, ina Dhia,
trí shaol na saol.

Le Cré

Creidim in aon Dia amháin,
an tAthair uilechumhachtach,
a rinne neamh agus talamh,
agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.

Agus in aon Tiarna amháin Íosa Críost, Mac Aonghine Dé,
an té a rugadh ón Athair
sula raibh aon saol ann,
Dia ó Dhia, solas ó sholas,
Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;
an té a gineadh agus nach ndearnadh,
agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:
is tríd a rinneadh an uile ní.

Gein 12:1-2

Ar ár son-na, an cine daonna, agus ar son ár slánaithe,
thuirling sé ó neamh.

Le linn na bhfocal as seo go nádúr daonna, cromann gach duine.

Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é
i mbroinn na Maighdine Muire
agus ghlac sé nádúr daonna.

Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit;
d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.
D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scríoptúir;
chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.

Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,
le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh,
agus ní bheidh deireadh lena ríocht.
Creidim sa Spiorad Naomh,
Tiarna agus bronntóir na beatha,
an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.
Tugtar dó adhradh agus glóir,
mar aon leis an Athair agus leis an Mac:
is é a labhair trí na fáithe.

Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.
Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin
chun maithiúnas na bpeacaí.
Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,
agus le beatha an tsaol atá le teacht. Amen.

Os Cionn na nOfrálacha

A Thiarna,
glac leis an íobairt fhíorghlan seo
a ofrálann do phobal buíoch duit
de bharr shaothar Naomh Pádraig
chun glóir d'ainm.
Trí Chríost ár dTiarna.

An Phreafáid

S Go raibh an Tiarna libh.
P Agus le do spiorad féin.

S Tógaigí bhur gcroíthe in airde.
P Tá siad tógtha in airde chun an Tiarna againn.

S Gabhaimis buíochas lenár dTiarna Dia.
P Is ceart agus is cóir sin.

Is ceart agus is cóir dúinn, go deimhin, is cuí agus is tairbheach,
buíochas a ghabháil leat de shíor agus i ngach áit,
a Thiarna, a Athair naofa, a Dhia uilechumhachtaigh
shíoraí,
agus thú a mholadh go cuí
agus sinn ag tabhairt ómóis do Naomh Pádraig.

Óir trína phaidreoireacht laethúil
le linn dó bheith i ngéibheann agus ag fulaingt cruatain
thug tú air thú a aithint mar Athair grámhar.
Thogh tú é as a raibh ar domhan

chun filleadh ar thír na ndaoine a rinne príosúnach de i dtreo is go n-admhóidís Íosa Críost, a Slánaitheoir. Trí chumhacht do Spioraid threoraigh tú a bhealaí ionas gur éirigh leis clann mhac agus iníonacha na nÉireannach a iompú chun seirbhís Dé Thrí-aonta. Uime sin, mar aon leis na hAingil agus leis na hArdaingil, agus le sluaite iomadúla na Naomh, gabhaimid iomann molta duit á rá gan stad:

Is Naofa, Naofa, Naofa thú, a Thiarna Dia na Slua.
Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.
Hósanna sna harda.
Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm an Tiarna.
Hósanna sna harda.

Ansin deir sé:
Rúndiamhair an chreidimh.

Freagraíonn an pobal de chomhgháir:
Táimid ag fógairt do bháis, a Thiarna,
agus ag comóradh d'aiséirí, nó go dtaga tú.

Nó:
Gach uair a ithimid an t-arán seo
agus a ólaimid an chailís seo,
fógraímid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.

Nó:
A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh sinn,
tusa a shaor sinn trí do chros agus trí d'aiséirí.

Nó:
Mo Thiarna agus mo Dhia.

An Chomaoineach

Cf. Mth 8:11

Tiocfaidh mórán anoir agus aniar agus beidh siad ina suí chun boird le hAbrahám agus le hÍosác agus le Iacób i ríocht na bhflaitheas, a deir an Tiarna.

An Iarchomaoineach

Neartaigh sinn tríd an tsacraimint seo, a Thiarna, i dtreo is go ndéanfaimid an creideamh a theagasc Naomh Pádraig a admháil agus a fhógairt trínár modh maireachtála. Trí Chríost ár dTiarna.

Beannacht Shollúnta

Dia an tAthair,
a thionól le chéile sinn
le féile Naomh Pádraig a cheiliúradh,
go mbeannaí sé sibh, go gcosnaí sé sibh
agus go gcoinní sé sibh
dílis don chreideamh i dtólamh.
P. Amen.

Go raibh Críost, an Tiarna,
Ardrí na bhflaitheas,
i ngar daoibh i gcónaí
agus go gcumhdaí sé sibh ar an olc.
P. Amen.

Go ndeonaí an Spiorad Naomh,
foinse gach naofachta,
go mbeidh sibh lán de ghrá do phobal Dé.
P. Amen.

Agus go dtaga beannacht Dé uilechumhachtaigh,
Athair, Mac ✠ agus Spiorad Naomh,
anuas oraibh agus go bhfana libh de shíor.
P. Amen.

Tá na téacsanna seo faota le haghaidh úsáid liotúirgeach in Éirinn *ad interim*.

Liotúirge an Bhriathair • ABC

AN CHÉAD LÉACHT

Sliocht as Leabhar Shíorach

39:6-10

Ní rachaidh a chuimhne ar ceal agus mairfidh a ainm ó ghlúin go glúin.

Más toil leis an Tiarna mór é,
lónfar é de spiorad na tuisceana;
titfidh briathra na heagnaíochta ina bhfrasa óna bhéal,
agus gabhfaidh sé buíochas le Dia san urnaí.
Cuirfidh sé dea-threoir ar a intinn agus ar a eolas,
agus déanfaidh sé machnamh ar a rúndiamhra folaithe.
Léireoidh sé an teagasc a tugadh dó,
agus beidh sé mórtasach as dlí chonradh an Tiarna.
Molfaidh na sluaite a chumas tuisceana,
agus ní ligfear i ndearmad é go deo;
ní rachaidh a chuimhne ar ceal,
agus mairfidh a ainm ó ghlúin go glúin.
Fogróidh ciníocha a eagna,
agus comórfaidh an comhthionól a mholtaí.

Briathar an Tiarna.

SALM LOINNEOGACH

Salm 115: 12-19. L v 12

Loinneog: Cén cúiteamh a dheanfaidh mé leis an Tiarna ina ndearna sé dom?

Cén cúiteamh a dhéanfaidh mé leis an Tiarna
ina ndearna sé dom?
Glacfaidh mé cupán an tslánaithe,
gairfidh mé ainm an Tiarna.

Díolfaidh mé mo mhóideanna leis an Tiarna
i bhfianaise a phobail.
Is luachmhar i láthair an Tiarna
bás a fhíréan.

Is mise do ghiolla, a Thiarna,
scaoil tú mo chuibhreacha.
Ofrálfaidh mé íobairt an bhuíochais duit;
gairfidh mé ainm an Tiarna.

Díolfaidh mé mo mhóideanna leis an Tiarna
i bhfianaise a phobail,
i gcúirteanna áras an Tiarna
i gceartlár Iarúsailéim.

AN DARA LÉACHT

Sliocht as dara litir Naomh Pól chuig Tiomóid

4:1-8

Bí ag áitiú, ag casaoid, ag spreagadh agus ag teagasc go foighneach gan stad

I bhfianaise Dé agus i bhfianaise Chríost Íosa atá chun
breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh, achtaím
ort dar a thaibhsiú agus dar a ríocht an bhriathair a fhógairt
ar do dhícheall i dtráth agus in antráth. Bí ag áiteamh, ag
casaoid, ag spreagadh agus ag teagasc go foighneach gan
stad.

Tá an uair ag teacht nuair nach nglacfaidh daoine a
thuilleadh leis an teagasc folláin. Ina ionad sin cruinneoidh
siad múinteoirí ina dtimpeall a bheidh chun a dtola agus

iad ar bís chun iad a chloisteáil; tabharfaidh siad an
chluasbhodhar don fhírinne agus casfaidh siad ar na
finscéalta. Ach bíse stuama staidéartha in gach ní; cuir
suas leis an gcrúatan, déan do ghnó mar shoiscéalaí,
comhlíon do dhualgas.

I dtaca liom féin de, táim do mo dhoirteadh amach
cheana féin mar a bheadh deochíobartha agus tá uair na
scarúna buailte liom.

Tá an comhrac maith tugtha agam, tá mo rás rite, tá an
creideamh coinnithe agam. Tá craobh na fíréantachta in
áirithe dom feasta agus bronnfaidh an Tiarna féin, an
breitheamh cóir, orm í an lá sin agus ní ormsa amháin é
ach ar an uile dhuine a bheidh ag tnúth lena thaibhsiú.

Briathar an Tiarna.

COMHGHAIR AN tSOISCÉIL

Cf. N. Séam. 1:21

Glóir duit, a Chríost, is tú Briathar Dé!
Glacaigí go ceansa le Briathar a Dé a síodadh ionaibh
Agus atá in ann bhur n-anam a shlánú,
Agus géill dó.
Glóir duit, a Chríost: is tú Briathar Dé!

AN SOISCÉAL

Sliocht as an Soiscéal naofa de réir Mhatha

13:24-32

*Is é an gráinnín síl is lú ar bith é, ach nuair a bhíonn sé fásta,
is é is mó de na toir.*

Chuir sé parabal eile os a gcomhair: 'Is iad dála ríocht na
bhflaitheas,' ar seisean, 'mar a bhí ag an duine a chuir síol
maith ina ghort.

Ach fad a bhí an saol ina chodladh, bhí namhaid dó a
tháinig ag scaipeadh cogail anuas ar an arbhar, agus
d'ímigh. Tháinig an t-arbhar aníos ina gheamhar, agus
ansin ina dhias agus an uair sin chonacthas an cogal
freisin. Tháinig a chuid sclábhaí go dtí an fear tí agus dúirt
siad leis: 'A mháistir, an síol a chuir tú i do ghort, nach síol
maith a bhí ann? Agus cad a thug an cogal ann más ea?'
Dúirt sé leo: 'Namhaid éigin a rinne an méid sin.' 'Agus ar
mhaith leat,' deir na sclábhaí leis, 'go rachaimis á bhailiú
chun a chéile?' 'Ná déanaigí,' ar seisean, 'ar eagla, nuair a
bheadh sibh ag bailiú an chogail, go sracfadh sibh an t-
arbhar aníos san am céanna. Fágtag le hais a chéile ag fás
iad araon go dtí an fómhar, agus nuair a bheidh an
fómhar á dhéanamh déarfaidh mé leis na buanaithe:
Bailígí an cogal chun a chéile ar dtús, agus déanaigí
punanna de chun a dhóite. Ach cruinnígí an
t-arbhar isteach i mo scioból.'

Chuir sé parabal eile os a gcomhair: 'Is cosúil ríocht na
bhflaitheas,' ar seisean, 'le gráinne de shíol mustaird a
thóg duine agus a chuir sé ina ghort. Is é an gráinnín síl is
lú ar bith é, ach nuair a bhíonn sé fásta, bíonn sé ar an
gceann is mó de na glasraí agus déantar crann de, a
bhféadann éanlaith an air dul ar foscadh ina
chraobhacha.'

Soiscéal an Tiarna.

NAOMH PÁDRAIG
BLIAIN B AD LIBITUM

AN CHÉAD LÉACHT **Irimia 1:4-9**
Téigh anois chuig gach duine chuig a gcuirfidh mise thú.
An Bíobla Naofa, I 698

SALM LOINNEOGACH **Salm 115:12-19; L/Marcas 16:15**
L: Imígí faoin domhain agus fógraigí an soiscéal.
An Bíobla Naofa, I 512

AN DARA LÉACHT **Rómh 10:9-18**
Is ó theagasc a thagann an creideamh, trí sheanmóireacht Chríost.
An Bíobla Naofa I 169

COMHGHAIR AN tSOISCÉIL **Matha 28:19-20**
Glóir duit, a Chríost, is tú Briathar Dé!
An Bíobla Naofa, I 42

AN SOISCÉAL **Marcas 16:15-20**
Ach iad siúd, d'imigh said leo agus chreobhscaoil said i ngach áit.
An Bíobla Naofa, I 60

SOLEMNITY OF ST PATRICK
YEAR B AD LIBITUM

FIRST READING **Jer 1:4-9**
You shall go to all to whom I send you.
Lectionary, II, p 1326

RESPONSORIAL PSALM **PS 116: R/ MK 16:15**
R: Go out to the whole world: proclaim the Good News.
Lectionary II, p 1327

SECOND READING **Rom 10:9-18**
Faith comes from what is heard, through the word of Christ.
Lectionary II, p 1279 or p 1374

GOSPEL ACCLAMATION **MT 28:19-20**
*Glory to you, O Christ, you are the Word of God!
Go, make disciples of all nations, says the Lord; I am with you always, yes, to the end of time.
Glory to you, O Christ, you are the Word of God!*
Lectionary II, p 1495

GOSPEL **Mk 16:15-20**
They went out and proclaimed the good news everywhere.
Lectionary II, p 944 or p 1006 or p 1282 or p 1495

AN LEABHAR AIFRINN

Tráth 'le linn na bliana' Seachtain I–Domhnach XI
Tráth an Charghais

Tá na téacsanna leis an aistriúchán nua le fáil ó
Lárionad Náisiúnta Liotúirge, Coláiste Phádraig, Má Nuad, Co. Chill Dara